Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 25

# Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

## Réamhrá

Mar Stiúrthóir Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, is mé an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 25. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, tá an cuntas ceangailte leis seo ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 ar thuarastail agus ar speansais Oifig Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Déantar an toradh caiteachais a chur i gcomparáid leis na suimeanna ceadaithe ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2015, an méid a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar chaiteachas na bliana san áireamh.

Tá barrachas €2.46 milliún dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

**Bunú an Vóta**

Bunaíodh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas an 1 Samhain 2014, i ndiaidh an tÚdarás Comhionannais agus Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine a chumasc. Mhaoinigh an Roinn Dlí agus Cirt an dá chomhlacht sin le deontas i gcabhair.

In 2014 sholáthar Fo-mhírcheann D.3. de chuid na Roinne Dlí agus Cirt maoiniú deontais i gcabhair le haghaidh na gcroíchostas riaracháin pá agus neamhphá ar fad a bhain leis an Údarás Comhionannais agus le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine a oibriú go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2014, agus le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ón 1 Samhain 2014 go dtí an 31 Nollaig 2014.

Is é 2015 an chéad bhliain ar Vóta ar leith é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Is é 2015 an chéad bhliain freisin a raibh an Coimisiún i mbun oibriúcháin don bhliain uile agus ní áirítear figiúirí comparáideacha don bhliain roimhe.

Faoin reachtaíocht bunaithe, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ní mór don Choimisiún tabhairt faoina fheidhmeanna i mbealach a thacaíonn le forbairt sochaí mar seo a leanas:

- Sochaí ina bhfuil meas ar chearta daonna gach duine, agus ina gcosnaítear iad;
- Sochaí ina bhfuil meas ar dhínit agus ar luach gach duine;
- Sochaí ina gcinntítear nach bhfuil srian ar chumas duine a lánacmhainneacht a bhaint amach mar gheall ar chlaontacht, ar idirdhealú, nó ar fhaillí;
- Sochaí ina bhfuil deis chothrom agus chomhionann ag gach duine páirt a ghlacadh i saol geilleagrach, polaitiúil, sóisialta nó cultúrtha an Stáit; agus
- Sochaí ina bhfuil meas ag daoine ar a chéile, ina bhfuil meas acu ar an gcomhionannas agus ar chearta an duine, agus ina dtuigeann siad an luach atá le héagsúlacht i sochaí.

## Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile i bhfeidhm nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas sa chás seo a leanas:

**Dímheas**

Dímheastar áitreabh léasach ar ráta 5% in aghaidh na bliana ar bhonn na líne dírí.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as a chinntiú go ndéanann an Coimisiún córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Tugtar faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Stiúrthóir an Choimisiúin. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht á athbhreithniú go leanúnach.

**Seirbhísí Comhroinnte**

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Choimisiún ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo fhreagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh soláthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla comhlíonta agam.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta den Vóta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil rialúcháin chuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- tá Coiste Airgeadais ann a chabhraíonn leis an gCoimisiún a fhreagrachtaí a chomhlíonadh trí mhaoirseacht a sholáthar i leith impleachtaí airgeadais ghníomhaíochtaí an Choimisiúin

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht bainistithe sinsearach faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta an lucht bainistithe sinsearach ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid
- córas bainistithe riosca ag oibriú laistigh den Choimisiún
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí faoi rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadail
- Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na dtreoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta agus Riosca***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún (atá seachfhoinsithe faoi láthair) ag a bhfuil foireann ar cuireadh an oiliúint chuí orthu, agus a oibríonn de réir cairt i scríbhinn a cheadaigh mé. Tá anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Coimisiún nochta dóibh mar bhonn agus taca d'obair na feidhme agus bunaítear a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, a cheadaímse, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta agus Riosca athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

**Sinéad Gibney**

An tOifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

26 Meán Fómhair 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa Coimisiún agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Meán Fómhair 2016

# Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
# Cuntas Leithreasa 2015

| | | 2015 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | |
| A | Feidhm Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,334 | 3,954 |
| | **Ollchaiteachas** | **6,334** | **3,954** |
| | *Bain as* | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **144** | **222** |
| | **Glanchaiteachas** | **6,190** | **3,732** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | **2015** |
|---|---|
| | **€** |
| Barrachas le géilleadh | 2,457,959 |

**Anailís ar an gcaiteachas riaracháin**

| | | 2015 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 3,241 | 1,763 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 80 | 68 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,527 | 1,033 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 122 | 36 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 165 | 196 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 1,100 | 696 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas | 99 | 162 |
| | | 6,334 | 3,954 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | |
| Pá | | 1,763 |
| Neamhphá | | 2,191 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,954** |
| *Bain as* | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **(222)** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,732** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | |
| Ceannacháin airgid | (252) | |
| Diúscairtí | 475 | |
| Dímheas | 22 | |
| | | **245** |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | **53** |
| **Caiteachas díreach** | | **4,030** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 34 |
| **Glanchostas cláir** | | **4,064** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Comhghaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta as na méideanna seo leanas maidir le Vóta 25 a íocadh as cistí eile.

| | 2015 |
|---|---|
| | **€000** |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 33 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | 1 |
| | 34 |

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015<br>€000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 255 |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 241 |
| Ioncam fabhraithe | | 374 |
| Réamhíocaíochtaí | | 150 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 9 |
| Glanmhaoiniú dlite ón Státchiste | 2.6 | 325 |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **1,099** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | |
| Speansais fhabhraithe | | 347 |
| Ioncam iarchurtha | | 342 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 113 |
| **Iomlán dliteanas reatha** | | **802** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **297** |
| **Glansócmhainní** | | **552** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **552** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2015** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 2.4 | | 850 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 6,190 | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (2,458) | |
| Glanvóta | | | 3,732 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 34 |
| Glanchostas cláir | | | (4,064) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **552** |

**2.2 Sócmhainní caipitil**

| | Áitreabh léasach | Troscán agus feistis | Trealamh TF agus oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015 | 737 | 144 | 90 | 971 |
| Breiseanna | 222 | 4 | 26 | 252 |
| Diúscairt | (737) | (144) | (40) | (921) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015 | **222** | **4** | **76** | **302** |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 | 280 | 132 | 59 | 471 |
| Diúscairt | (280) | (132) | (34) | (446) |
| Dímheas don bhliain | 11 | 1 | 10 | 22 |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2015 | **11** | **1** | **35** | **47** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **211** | **3** | **41** | **255** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **457** | **12** | **31** | **500** |

| **2.3 Banc agus Airgead** | **2015** |
|---|---|
| | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | (190) |
| Cuntais bainc tráchtála | 431 |
| | 241 |

**2.4 Iarmhéideanna tosaigh ón mbliain roimhe**

| | |
|---|---|
| Sócmhainní seasta | 500 |
| Banc agus airgead tirim | 614 |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 452 |
| Creidiúnaithe agus ioncam iarchurtha | (716) |
| Iarmhéid roimh an Vóta | 850 |

| **2.5 Iarmhéideanna Sochair Eile** | **2015** |
|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig | **€000** |
| | |
| **Méideanna dlite don Stát** | |
| Cáin Ioncaim | 36 |
| Árachas Sóisialta Pá-choibhneasta | 31 |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 29 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | (4) |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 12 |
| Cáin Bhreisluacha | 3 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 4 |
| | 111 |
| Asbhaintí párolla coinnithe i bhfionraí | 1 |
| Míreanna sochar fionraí eile | 1 |
| | 113 |

| **2.6 Glanmhaoiniú dlite ón Státchiste** | **2015** |
|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** |
| | |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (2,783) |
| Barrachas le géilleadh | 2,458 |
| Glanmhaoiniú dlite ón Státchiste | **(325)** |
| | |
| **Léirithe ag:** | |
| **Féichiúnaithe** | |
| An Pámháistir Ginearálta (rótharraingthe) | (190) |
| Iarmhéideanna dochair | 9 |
| | (181) |
| **Creidiúnaithe** | |
| Dlite don Stát | (111) |
| Iarmhéideanna sochair | (2) |
| Dlite do mhaoiniú tionscadail[a] | (31) |
| | (144) |
| | |
| | **(325)** |

[a] Ullmhaíodh ráitis airgeadais na bliana roimhe ar bhonn fabhruithe. Leanann an Coimisiún ar aghaidh ag cothabháil a chórais cuntasaíochta ar bhonn fabhruithe. Baintear idirbhearta agus iarmhéideanna an Vóta ón gcóras sin. Tháinig difríocht neamhréitithe €31,000 chun cinn ón gcleachtas sin agus tá an Coimisiún á fiosrú faoi láthair.

**2.7 Ceangaltais**

| **Ceangaltais dhomhanda** | **2015** |
|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** |
| | |
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí* | 2,124 |

* Sin ceangaltas léasa Shráid na Faiche dar luach €236,000 in aghaidh na bliana go dtí 2024.

| **2.8 Dliteanais Aibithe** | **2015** |
|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana | 36 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir fo-mhírchinn

| | | **2015** | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| **A** | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | 3,241 | 1,763 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 3,093 | 2,191 |
| | | 6,334 | 3,954 |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €2.4 milliún níos ísle ná mar ar foráladh dó. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú ná mar ar foráladh dó €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán – pá | 1,478 | Ba é 2015 an chéad bhliain a raibh an Coimisiún i mbun oibriúcháin don bhliain uile agus níor bhain sé amach a líon creat rialaithe fostaíochta iomlán. Tabharfar faoi fheachtais earcaíochta in 2016 a mhéadóidh líon na bhfostaithe. |
| Riarachán – neamhphá | 902 | Ní raibh a líon creat rialaithe fostaíochta iomlán ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas in 2015 agus mar sin ní raibh sé de chumas aige na haidhmeanna beartaithe ar fad a bhaint amach. Meastar go gcuirfear an cás sin ina cheart in 2016 nuair a earcaítear foireann bhreise. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí i gcabhair**

| | | 2015 | |
|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Fíoraithe** |
| | | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí a bhain le pinsin as luach saothair seirbhíse poiblí | 144 | 106 |
| 2. | Maoiniú seachtrach | — | 114 |
| 3. | Eile | — | 2 |
| | **Iomlán** | **144** | **222** |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach fo-mhírchinn nuair a bhí an difríocht idir an toradh agus an meastachán níos mó ná €100,000 agus níos mó ná 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú ná mar ar foráladh dó**<br>**€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Maoiniú seachtrach | (114) | Tráth ar cuireadh na figiúirí isteach mar chuid den phróiseas meastacháin do 2015, bhí éiginnteachtaí ann maidir leis an gcaoi a gcaithfí le maoiniú ó chomhlachtaí seachtracha a d'eascair as socruithe a bhí i bhfeidhm leis na comhlachtaí oidhreachta. Tugadh soiléiriú air sin ina dhiaidh sin agus fuarthas maoiniú seachtrach €114,000 agus aithníodh é. |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2015 |
|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 33 |

| | 2015 €000 |
|---|---|
| Pá | 1,591 |
| Liúntais eile | 12 |
| Ragobair | — |
| ÁSPC fostóra | 160 |
| **Pá iomlán** | **1,763** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó 2015 € |
|---|---|---|---|
| Liúntais eile | 2 | — | 8,497 |

**5.2 Ró-íocaíochtaí párolla**

Níorbh ann do ró-íocaíochtaí párolla le haghaidh 2015.

# 6 Ilghnéitheach

**6.1 Costais dhlíthiúla**

Tá cás á achomharc leis an gCúirt Uachtarach atá á mhaoiniú go hiomlán ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas. Rinneadh foráil sna Ráitis Airgeadais maidir le costais dhlíthiúla an Choimisiúin a mheastar a bheidh le híoc. Ní dhearnadh foráil sna Ráitis Airgeadais maidir le costais dhlíthiúla an pháirtí eile.